Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

**Cuid 8 FÓGRA POIBLÍ**

**AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (arna leasú)**
**NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2001 (arna leasú)**

**Oibreacha uasghrádaithe ar an mbealach isteach agus ar an mbóthar isteach chuig Páirc Dhiméin Leamhcáin, i mbaile fearainn Leamhcáin, Co. Bhaile Átha Cliath.**

De bhun cheanglais na reachtaíochta thuas, tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas tabhairt faoi na hoibreacha molta seo a leanas ag Páirc Dhiméin Leamhcáin, i mbaile fearainn Leamhcáin:

Baineann na moltaí leis na hoibreacha uasghrádaithe ar an mbealach isteach agus ar an mbóthar isteach chuig Páirc Dhiméin Leamhcáin, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Clárchosán adhmaid a thógáil ón bplás go dtí an cosán cois abhann atá ann cheana atá thart ar 105 méadar ar fad, a bheidh idir 150mm agus 900mm in airde, a bheag nó a mhór, agus a bheidh 2m ar leithead den chuid is mó, ag leathnú go 3m in áiteanna.
- An cosán atá ann cheana a bhaint, ligfear don spás seo filleadh ar a staid bhunaidh.
- Na hoibreacha tírdhreacha chrua agus bhoig gaolmhara uilig lena n-áirítear an phlandáil bhainteach.
- Na hoibreacha coimhdeacha uile.

Rinneadh Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí ar an togra faoin Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE), Scagadh le haghaidh Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) agus Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta (EcIA) faoi Threoir MTT 2014/52/AE. Rinne an tÚdarás Pleanála réamhscrúdú ar chineál, méid agus láthair na forbartha a bheartaítear. Is é tuairim an údaráis nach bhfuil aon fhíordhóchúlacht ann go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt a bheartaítear ar an gcomhshaol agus cinneadh nach bhfuil aon ghá le Measúnacht Tionchair Timpeallachta.

Is féidir le haon duine, laistigh de 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chinneadh scagtha i dtaobh an dócha go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt ar an gcomhshaol.

Beidh pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe ar fáil lena n-iniúchadh ar líne ar thairseach Comhairliúcháin Phoiblí na Comhairle (http://consult.sdublincoco.ie) idir **17 Eanáir 2025** go dtí an **28 Feabhra 2025**.

Beidh sonraí agus pleananna priontáilte ar fáil lena n-iniúchadh, nó lena gceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ag Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, le linn uaireanta oifige ón **17 Eanáir 2025** go dtí an **14 Feabhra 2025**.

Féadfar aighneachtaí nó tuairimí maidir leis an bhforbairt bheartaithe, i ndáil le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeidh an fhorbairt bheartaithe suite, a dhéanamh i scríbhinn roimh **5 i.n. an 28 Feabhra 2025** agus féadfar iad a chur isteach ar na bealaí seo a leanas:

Ar líne ag http://consult.sdublincoco.ie

nó
Sa phost chuig:
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
An Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide,
Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 YNN5.

NÓTA: Níor chóir d'aighneacht a dhéanamh ach ar bhealach amháin. Ba cheart go gcuimseofaí leis na haighneachtaí ar fad d'ainm agus seoladh teagmhála. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997-2006 (arna leasú) maidir leis na taifid uile atá i seilbh Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Is féidir breathnú ar na Ráitis Phríobháideachais um Shonraí Pearsanta de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ar www.sdcc.ie. Coinneofar na sonraí pearsanta uile de réir na gceanglas reachtúil.

***Stiúrthóir, An Comhshaol, Uisce & Athrú Aeráide, Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.***

SUÍOMH GRÉASÁIN: www.sdcc.ie    Dáta an Fhógra Phoiblí: 17 Eanáir 2025